

URNAÍ NA MAIDINE - 22 MÁRTA 2020

An Ceathrú Domhnach, Tráth an Chaghais

Cruinniú Phobal Dé

ABAIRTÍ AS AN SCRÍOPTÚR

Leis an Tiarna, ár nDia, a bhaineann trócaire agus maithiúnas mar rinneamar ceannairc ina aghaidh. Níor éisteamar le guth an Tiarna, ár nDia, á rá linn maireachtáil de réir a dhlíthe, faoi mar a chuir sé faoinár mbráid iad trína shearbhóntaí na fáithe.

Dain 9.9,10

T&P 162 *“When peace like a river”*

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=VmvnE6erj6I>

When peace, like a river, attendeth my way,
when sorrows like sea-billows, roll,
whatever my lot, thou hast taught me to say,
It is well, it is well with my soul.

*It is well with my soul;
it is well, it is well with my soul.*

Though Satan should buffet, though trials should come,
let this blest assurance control:
that Christ has regarded my helpless estate,
and has shed his own blood for my soul.

My sin - O the bliss of this glorious thought! -
my sin, not in part, but the whole,
is nailed to his cross, and I bear it no more:
praise the Lord, praise the Lord, O my soul!

For me be it Christ, be it Christ hence to live;
if Jordan above me shall roll,
no pang shall be mine, for in death as in life
thou wilt whisper thy peace to my soul.

But, Lord, 'tis for thee, for thy coming, we wait;
The sky, not the grave, is our goal;
O trump of the angel! O voice of the Lord -
blessèd hope, blessèd rest of my soul!

Horatio Gates Spafford (1828-1888)

Táimid cruinnithe anseo
lenár n-adhradh agus ár moladh agus ár mbuíochas
a thairiscint do Dhia uilechumhachtach;
lenár bpeacaí a admháil agus le maithiúnas Dé a fháil,
le fógairt a bhriathair naofa a chloisteáil,
lenár riachtanais féin agus riachtanais an domhain mhóir a chur roimhe,
agus le guí air trí chumhacht a Spioraid
go ndéana muid seirbhís dó
ionas go mb'eol dúinn liacht a ghrá.

Admháimis ár bpeacaí do Dhia, dár nAthair Síoraí.

Tost

A Athair neamhaí
pheacaigh muid i d'éadan agus in éadan ár gcomhdhaoine
le smaoinemh agus le briathar agus le gníomh,
trí fhaillí, trí laige,
trínár gcoir agus trínár dtoil féin;
trína bhfuil déanta againn,
agus trínar theip orainn a dhéanamh.
Tá brón ó chroí orainn agus aithreachas as ár bpeacaí uile.
As ucht do Mhic Íosa Críost a fuair bás ar ár son,
tabhair maithiúnas dúinn ina bhfuil déanta;
agus deonaigh dúinn seirbhís a dhéanamh duit in úire na beatha
ar nós a mhéadóidh glóir d'ainm. **Áiméan**

A Thiarna na trócaire,
deonaigh do phobal dílis maithiúnas agus síocháin,
chun go nglantar ónár bpeacaí uile sinn,
agus go ndéana muid seirbhís duit le ciúnas aigne;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar

URNAÍ NA MAIDINE

Seasann cách

A Thiarna, oscail ár mbéal
Agus seinnfidh ár dteanga do mholadh.

A Dhia, tar go lúfar dár bhfuascailt.
A Thiarna, déan tapa dár dtarrtháil.

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh:
Mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách:
trí shaol na saol. Áiméan.

Molai gí an Tiarna:
Moltar ainm an Tiarna.

AN CHÉAD CHAINTIC

VENITE *Salm 95*

- 1 Téanam agus canaimis don Tiarna; ■
déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.
- 2 Druidimis ina láthair le haltú buíochais; ■
déanaimis pléaráca dó le hamhráin mholta.
- 3 Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; ■
is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.
- 4 Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, ■
agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.
- 5 Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; ■
agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.
- 6 Téanam, go n-adharfaimis agus go sléachtfaimis; ■
feacam ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn.
- 7 Óir is é ár nDia é, agus is sinne ■
pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.
- 8 Á, dá n-eistfeadh sibh inniu lena ghlór: ■
“Ná cruai gí bhur gcoirí mar a tharla i Miríbeá,
nó an lá úd ag Masá san fhásach
- 9 mar a ndearna bhur n-aithreacha mo phromhadh, ■
do mo thriail cé go bhfacadar mo bhearta.

- 10 Ar feadh daichead bliain ba ghráin liom an ghlúin sin ■
agus dúirt mé: ‘Is seachránach a gcroí siúd;
is pobal iad nach eol dóibh mo shlite.’
- 11 Ar an ábhar sin mhionnaigh mé i m’fhearg ■
nach rachaidís i mo shuaimhneas isteach go brách.”
Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;
mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

AN CHÉAD LÉACHT

1 Samúéil 16: 1-13

Dúirt an Tiarna le Samúéil: “Cá fhad a bheidh tú buartha mar gheall ar Shól ó dhiúltaigh mise dó feasta mar rí ar Iosrael? Líon d’adharc d’ola agus imigh leat. Táim do do chur go Ieise ó Bheithil, óir tá rí roghnaithe agam dom féin i measc a chlann mhac.” D’fhreagair Samúéil: “Conas is féidir dom imeacht? Má fhaigheann Sól gaoth an fhocail, maróidh sé mé!” Agus dúirt an Tiarna: “Tabhair bearach leat, agus abair: ‘Tháinig mé chun íobairt a dhéanamh don Tiarna.’ Tabhair cuireadh chun na híobartha do Ieise, agus taispeánfaidh mise duit cad a bheidh le déanamh agat. An té a ainmneoidh mé duit, déanfaidh tú é a unghadh dom.” Rinne Samúéil mar a dúirt an Tiarna leis agus chuaigh go Beithil. Tháinig seanóirí an bhaile ina airicis agus iad ar ballchrith agus dúirt siad: “An mar chara a thagann tú?” Agus dúirt seisean: “Is ea, mar chara. Tháinig mé chun íobairt a dhéanamh don Tiarna. Déanaigí sibh féin a choisreacan agus tagaigí liom chun na híobartha.” Choisric sé Ieise agus a chlann mhac agus thug cuireadh chun na híobartha dóibh.

Ar theacht i láthair dóibh, chonaic sé Eilíab, agus dúirt sé leis féin: “Caithfidh sé go bhfuil an té atá ungha ag an Tiarna ansin os a chomhair.” Ach dúirt an Tiarna le Samúéil: “Ná bac a dhreach ná a airde, mar diúltaím dó; ní thugann Dia breith mar a thugann an duine; breathnaíonn an duine an cló ach breathnaíonn an Tiarna an croí.” Ansin ghlaoiigh Ieise chuige ar Aibionádáb agus thug os comhair Shamúéil é, agus dúirt seisean: “Ní hé seo an duine a roghnaigh an Tiarna ach oiread.” Ansin thug Ieise Seamá os comhair Shamúéil, ach dúirt Samúéil: “Ní hé seo an duine a roghnaigh an Tiarna ach oiread.” Thug Ieise a sheachtar mac ansin os comhair Shamúéil. Ach dúirt Samúéil le Ieise: “Ní hiad seo a roghnaigh an Tiarna.” D’fhiafraigh sé ansin de Ieise: “An bhfuil do chlann mhac go léir anseo?” “Tá mac eile fós agam,” ar seisean, “an té is óige; ach féach, tá sé ag aoireacht na gcaorach.” Dúirt Samúéil le Ieise: “Cuir fios air agus tabhair leat é; ní shuífimid chun boird go dtaga sé.” Chuir sé fios air agus thug isteach é; buachaill naíonta ab ea é, le súile lonracha, agus scéimh ina chló. Dúirt an Tiarna: “Seo leat, agus déan é a unghadh mar is é seo é.” Ansin thóg Samúéil an adharc ola agus rinne é a unghadh ansiúd mar a raibh aige fara a dheartháireacha. Tháinig spiorad an Tiarna agus luigh sé ar Dháiví agus d’fhan leis ón lá sin amach. Maidir le Samúéil, d’éirigh sé agus d’imigh go Rámá.

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

SALM

Iomann: T&P 122 “‘Sé an Tiarna m’aoire” (véarsaí 1 agus 2)

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=hxMPshowQrU>

*'Sé an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon nith de díth orm.*

*'Sé an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon nith de dhith orm.
Cuireann se i mo luí mé I móinéar fear uaithne.
Seolann sé ar imeall an uisce mé
Mar a bhfaighim suaimhneas.*

Seolann sé mé ar rianta díreacha
Mar gheall ar a ainm.
Fiú dar súilfainn i ngleann an dorchadais
níor bhaoil liom an tolc
agus tú faram le do slat
is do bhacall chun sólas a thabhairt dom.

bunaithe ar Salm 23

AN DARA LÉACHT

Eifisigh 5: 8-14

Mar ní raibh ionaibh tráth ach dorchadas, ach is solas anois sibh sa Tiarna. Iompraígí sibh féin, más ea, ar nós clann an tsolais – bíonn toradh an tsolais le feiceáil san uile shórt maitheasa agus fíréantachta agus fírinne. Aimsígí cad é an ní is áil leis an Tiarna agus ná bíodh aon pháirt agaibh i ngnóthaí seasca an dorchadais ach iad a cháineadh. Mar is náireach le lua féin na nithe a dhéanann siad faoi choim. Gach uile ní a nochtar faoin solas, áfach, éiríonn sé follasach agus gach ní a bhíonn follasach, bíonn sé ina sholas. Sin é an fáth a ndeirtear:

“Dúisigh a chodlatáin!
Éirigh ó na mairbh
agus lonróidh Críost ort.”

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

AN DARA CAINTIC

CANTATE DOMINO Salm 98

- 1 Canaigí amhrán úr don Tiarna, óir rinne sé éachtaí: ●
Le neart a dheaslámhe is a chuisle naofa, rug sé bua dó féin.
- 2 D’fhoilsigh an Tiarna a shlánú: ●
nocht sé a fhíréantacht do na náisiúin.
- 3 Chuimhnigh sé ar a bhuanghrá agus a dhílse do theaghlach Iosrael: ●
Chonaic críocha uile na cruinne slánú ár nDé.
- 4 Gairdigí sa Tiarna a thíortha uile: ●
agus nochtai gí bhur n-áthas dó.
- 5 Canaigí Salm don Tiarna leis an gcruit: ●
agus le fuaim na cláirsí.
- 6 Tógaigí gártha le fuaim stoic agus adhairce: ●
don Tiarna, ár Rí.
- 7 Bíodh an mhuir agus a bhfuil inti ag búiríl: ●
an domhan agus a maireann ann.
- 8 Bíodh na haibhneacha ag bualadh a mbos: ●
déanadh na sléibhte sult,
- 9 i bhfianaise an Tiarna atá ag teacht a rialú na cruinne: ●
Déanfaidh sé an domhan a rialú go cóir, agus na ciníocha go cothrom.

Iomann os comhair an tSoiscéil: CH101 “Jesus, the very thought of thee” (vs. 1-3, 6)

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag

<https://www.youtube.com/watch?v=62J434N0w1c>

Jesus, the very thought of thee
with sweetness fills the breast;
but sweeter far thy face to see,
and in thy presence rest.

Nor voice can sing, nor heart can frame,
Nor can the memory find
A sweeter sound than thy blessed name,
O Saviour of mankind!

O hope of every contrite heart,
O joy of all the meek,
to those who fall, how kind thou art,
how good to those who seek!

Jesus, our only joy be thou,
as thou our prize wilt be;
Jesus, be thou our glory now,
and through eternity.

AN TRÍÚ LÉACHT

ó na Soiscéil

John 9: 1-41

Agus ag gabháil na slí dó, chonaic sé duine a bhí dall ón mbroinn. D’fhiafraigh a dheisceabail de: “A raibí,” ar siad, “cé acu a rinne an peaca, é seo nó a thuismitheoirí á rá is gur rugadh ina dhall é?” D’fhreagair Íosa: “Ní amhlaidh a pheacaigh sé seo ná a thuismitheoirí; tharla seo chun go dtaispeánfaí oibreacha Dé ann. Fad tá an lá ann, ní mór dúinn oibreacha an té a chuir uaidh mé a dhéanamh; tá an oíche ag teacht nuair nach féidir d’aon duine obair a dhéanamh. An fad atáim ar an saol is mé solas an tsaol.” Arna rá sin dó, chaith sé seile ar an talamh agus rinne sé láib den tseile agus chuir sé an láib ar shúile an daill agus dúirt sé leis: “Imigh agus nigh i Linn Siolóam” – is é sin le rá, Seolta. D’imigh sé, nigh é féin agus d’fhill agus a radharc aige. Dúirt a chomharsana ansin, agus an dream a chonaic é roimhe sin, ag iarraidh déirce: “Nach é seo an té a bhíodh ina shuí ag lorg déirce?” Dúirt daoine: “Is é.” Dúirt daoine eile: “Ní hé, ach is cosúil leis é.” Dúirt sé féin: “Is mé é.” Dúirt siad leis ansin: “Conas a osclaíodh do shúile mar sin?” D’fhreagair sé: “An fear sin ar a dtugtar Íosa, rinne sé láib agus smear sé ar mo shúile í, agus dúirt liom: ‘Imigh go Linn Siolóam agus nigh.’ D’imigh mé dá réir sin, nigh mé, agus tháinig mo radharc dom.” D’fhiafraigh siad: “Cá bhfuil sé?” “Níl a fhios agam,” ar sé.

Thug siad chun na bhFairisíneach an té seo a bhí dall tráth. Ba é an tsabóid é an lá a rinne Íosa an láib agus a d’oscail sé súile an duine. D’fhiafraigh na Fairisínigh de arís mar sin conas a fuair sé a radharc. Dúirt sé leo: “Chuir sé láib ar mo shúile, nigh mé agus tá mo radharc agam.” Dúirt cuid de na Fairisínigh ansin: “Ní ó Dhia an duine seo mar ní choinníonn sé an tsabóid.” Dúirt cuid eile: “Conas is féidir duine peacúil a dhéanamh míorúiltí mar iad seo?” Agus bhí aighneas eatarthu. Dúirt siad arís leis an dall dá bhrí sin: “Cad deir tusa mar gheall air ó d’oscail sé do shúile?” D’fhreagair sé: “Fáidh is ea é.”

Ansin ní chreidfeadh na Giúdaigh go raibh sé dall agus go bhfuair sé a radharc nó gur ghlaoigh siad ar athair agus ar mháthair an té a fuair a radharc agus gur cheistigh siad iad: “An é seo bhur mac a deir sibh a rugadh ina dhall?” ar siad. “Conas go bhfuil radharc anois aige, mar sin?” D’fhreagair a thuismitheoirí: “Is eol dúinn,” ar siad, “gurb é ár mac é, agus gur dall a rugadh é. Ach conas go bhfuil radharc anois aige, ní eol dúinne, ná cé a d’oscail a shúile ní eol dúinne. Cuirigí ceist air féin; tá sé in aois fir; labhróidh sé ar a shon féin.” Labhair a thuismitheoirí mar sin mar bhí eagla na nGiúdach orthu. Óir bhí sé socair cheana ag na Giúdaigh aon duine a d’adhmhódh gurbh é an Críost é a dhíbirt as an tсионagóg. Mar gheall air sin is ea a dúirt a thuismitheoirí: “Tá sé in aois fir; cuirigí ceist air féin.”

Ansin ghlaoigh siad arís ar an duine a rugadh ina dhall, agus dúirt siad leis: “Tabhair glóir do Dhia! Tá a fhios againne gur peacach an duine sin.” D’fhreagair seisean iad ansin: “Más peacach é – níl a fhios agam; tá a fhios agam aon ní amháin, go raibh mé i mo dhall ach anois go bhfuil radharc agam.” Dúirt siad leis ansin arís: “Cad a rinne sé leat? Conas a d’oscail sé do shúile?” D’fhreagair sé iad: “D’inis mé cheana daoibh é, agus ní éistfeadh sibh; cad ab áil libh á chloisteáil arís? An amhlaidh gur mian libhse a bheith in bhur ndeisceabail aige chomh maith?” Chaith siad

asacháin leis ansin agus dúirt: “Bí-se i do dheisceabal aige siúd, ach is deisceabail do Mhaois sinne. Tá a fhios againn gur labhair Dia le Maois; ach an fear seo, ní fios dúinn cad as ar tháinig sé.” D’fhreagair an fear: “Is iontach an rud é go deimhin,” ar sé leo, “nach bhfuil a fhios agaibh cad as dó, agus gur oscail sé mo shúile domsa. Tá a fhios againn nach n-éistean Dia le peacaigh, ach cibé ar a bhfuil eagla Dé agus a dhéanann a thoil, éistean sé leis sin. Níor chualathas riamh ó thús an domhain gur oscail aon duine súile duine a rugadh ina dhall. Mura mbeadh gur ó Dhia an duine seo, níorbh fhéidir leis aon ní a dhéanamh.” D’fhreagair siad agus dúirt leis: “I bpeacaí a rugadh thusa ar fad, agus an dár dteagasc-na atá tú?” Agus chaith siad amach é.

Chuala Íosa gur chaith siad amach é, agus nuair a fuair sé é dúirt sé leis: “An gcreideann tú i Mac an Duine?” D’fhreagair seisean: “Cé hé féin, a thiarna?” – ar sé leis – “chun go gcreidfinn ann.” Dúirt Íosa leis: “Tá sé feicthe agat, agus an té atá ag caint leat is é é.” Dúirt seisean: “Creidim, a Thiarna,” agus rinne sé ómós dó. Dúirt Íosa: “Is chun breithiúnais a tháinig mé ar an saol seo, i dtreo go bhfeicfeadh an dream nach bhfeiceann, agus go ndallfaí an dream a fheiceann.” Chuala cuid de na Fairisínigh a bhí ina fhochair na focail sin agus dúirt siad leis: “Ní amhlaidh, ar ndóigh, atáimidne dall chomh maith?” Dúirt Íosa leo: “Dá mbeadh sibh dall, ní bheadh peaca oraibh, ach anois deir sibh: ‘Tá radharc againn,’ agus leanann bhur bpeaca oraibh.”

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

AN TRÍÚ LÉACHT

BENEDICTUS *Amhrán Zacharía. Lúcas 1: 68-79*

- 1 Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, ■
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;
- 2 agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar ■
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –
- 3 de réir mar a labhair ■
trí bhéal a naomhfháidh anallód –
- 4 mar shaoradh dúinn ónár naimhde ■
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
- 5 ag déanamh trócaire mar sin ar ár sinsir, ■
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –
- 6 ar an mionn a mhionnaigh sé d’Abrahám ár n-athair – ■
go dtabharfadh sé dúinn,
- 7 tar éis ár saortha as láimh ár naimhde, ■
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
- 8 i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair ■
gach lá dár saol.
- 9 Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, ■
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
- 10 ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal ■
trí mhaithiúnas a bpeacaí
- 11 de chionn trócaire chroí ár nDé ■
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
- 12 chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; ■
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.

Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talaimh.
Creidim in Íosa Críost, Aonmhac Dé, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
a d'fhulaing faoi Phontius Píoláit,
a céasadh, a fuair bás, agus a adhlacadh;
chuaigh sé síos go ríocht na marbh.
An tríú lá d'éirigh sé arís ó na mairbh;
chuaigh sé suas ar neamh,
agus tá sé ina shuí
ar dheis an Athar,
agus tiocfaidh sé arís chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomheaglais chaitliceach,
cumann na naomh,
maithiúnas na bpeacaí,
aiséirí na colainne,
agus an bheatha shíoraí. **Áiméan**

Guí an Phobail

Go raibh an Tiarna libh.
Agus leat féin.

Téann gach duine ar a ghlúine

Guímis

A Thiarna, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,
agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.

Foilsigh do thrócaire, a Thiarna,
agus deonaigh dúinn do shlánú.

A Thiarna, treoraigh agus cosain ár rialtóirí
agus bronn an eagna ar ár rialtas.

Bíodh an fhíríochtacht mar éadach ar do mhinistí
agus ligeadh do sheirbhísigh gáir áthais astu.

A Thiarna, saor do phobal
agus beannaigh an dream atá tofa agat.

Tabhair síocháin lenár linn, a Thiarna,
agus bíodh do ghlóir ar fud an talaimh.

A Dhia, cruthaigh croí glan ionainn
agus athnuaigh le do Naomhspiorad sinn.

ORTHA AN LAE

A Dhia na taise,
a raibh a Mhac Íosa Críost, leanbh Mhuire
lánpháirteach i saol an bhaile i Nasair,
agus a tharraing an teaghlach daonna chuige féin ar an chros;
Nearraig sinn inár saol leathúil
trí áthas agus trí bhrón
ionas gurb eol dúinn cumhacht do láithreachta
chun ceangail agus chun leighis;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

ORTHA AN tSÉASÚIR

A Dhia uilechumhachtaigh
ós tú, trí d'aonghin Mhic, Íosa Críost,
a sháraigh an bás agus a d'oscail dúinn geata na beatha síoraí;
Iarraimid go humhal ort,
faoi mar a thagann tú romhainn le do ghrásta saineúil
ag cur mianta isteach inár n-aighe,
cabhair gan staonadh a thabhairt dúinn
chun críoch mhaith a chur ar na mianta céanna;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna
a mhaireas i ríocht mar aon leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
aon Dia amháin go deo, trí shaol na saol. **Áiméan.**

URNAÍ NA MAIDINE

A Dhia, is tú údar na síochána,
agus is ansa leat an cur le chéile,
is ionann aithne ort agus an bheatha shíoraí,
agus is í an tsaoirse is iomláine bheith i do sheírbbhís:
Cosain sinn ar ionsaithe uile ár naimhde,
ionas nach eagal linn aon áibhirseoir,
de bharr ár muiníne as do choimirce;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

Bí, a Thiarna, go grástúil geanúil linn,
dár ndíriú inár ngníomhartha uile,
agus ag síorchuidiú linn dul ar aghaidh;
ionas go raibh tús, lár agus críoch ár gcuid oibreacha ionatsa,
ar nós a mhéadóidh do ghlóir, agus a thuillfidh,
de bharr do thrócaire, an bheatha shíoraí dúinn;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

Paidir an Ardeaspaign in am an Choróinvíris

A Dhia Uilechumhachtaigh agus Uileghrámhair,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh ,
Guímis chugat trí Chríost an Lia Leighis,
ar son a bhfuil an coróinvíreas orthu,
in Éirinn agus ar fud an domhain.
Guímis ar son na ndaoine atá ag tabhairt aire do lucht an bhróin,
Cuimhnímid ar gach duine a cailleadh mar gheall ar an ghalar seo.
Deonaigh eagna dóibh siúd atá freagrach as polasaithe a dhéanamh,
scil do lucht taighde,
sólás go gach duine atá in anacair,
agus síocháin dúinn uilig sna laethe corracha, brónacha seo.
Iarraimid é seo in ainm Íosa Críost ár d'Tiarna,
a thug taise don díbeartach,

a ghlac leo sin a airíonn nach bhfuil glacadh leo
agus a thug grá don mhuintir nár ghráigh éinne eile. **Áiméan.**

Is féidir paidreacha agus altuithe a rá.

Iomann Deiridh: CH 590 “*My faith looks up to thee*”

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=jeMcpnYLwJg>

My faith looks up to thee,
thou Lamb of Calvary,
Saviour divine:
now hear me while I pray,
take all my guilt away,
O let me from this day
be wholly thine.

May thy rich grace impart
strength to my fainting heart,
my zeal inspire;
as thou hast died for me,
O may my love to thee
pure, warm, and changeless be,
a living fire.

When life's dark maze I tread
And griefs around me spread,
be thou my guide;
bid darkness turn to day,
wipe sorrows tears away,
nor let me ever stray
from thee aside.

When ends life's transient dream,
when death's cold, sullen stream
shall o'er me roll,
blest Saviour, then, in love,
fear and distrust remove;
O, bear me safe above,
a ransomed soul.

Ag Imeacht mar Phobal Dé

Beannaímis ainm an Tiarna.

Buíochas le Dia.

Glóir go raibh aige san Eaglais
agus i gCríost Íosa ó ghlúin go glúin
go brách na breithe. **Áiméan.**

Eif 3. 20